Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2023/349

30.10.2023

**Caingean arna tabhairt an 8 Meán Fómhair 2023 – Skins IP v EUIPO – Symphony (S SKINS)**

**(Cás T-559/23)**

(C/2023/349)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Skins IP Ltd (Shirebrook, an Ríocht Aontaithe) (ionadaí: S. Malynicz, Abhcóide)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Symphony Holdings Ltd (Hamilton, Beirmiúda)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh 'S SKINS' – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 5 310 511

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 12 Meitheamh 2023 i gCás R 1796/2022-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— cinneadh a thabhairt ar an achomharc agus sonraíocht aicme 10 ina hiomláine agus sonraíocht aicme 25 a chúlghairm seachas i gcás na n-earraí seo a leanas:

Aicme 25: 'Éadaí, ceannbheart, eadhon éadaí comhbhrú, feisteas corpacmhainne, feisteas reatha';

— a ordú do EUIPO agus don idiragraí (más ea go nglacann an páirtí sna himeachtaí EUPO páirt sna himeachtaí mar idiragraí) a gcuid costas féin a íoc agus iad sin arna dtabhú ag an iarratasóir ar neamhniú a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 58(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.